Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6685/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011(NLE)**

**SOC 133**
**EMPL 91**
**SAN 93**
**GENDER 19**
**ANTIDISCRIM 18**
**FREMP 47**
**ILO 1**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>— Malartú tuairimí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an nóta stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ag féachaint don mhalartú tuairimí a thionólfar sa Chomhairle (EPSCO) an 13 Márta 2023.

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh**

*Nóta stiúrtha ón Uachtaránacht*

I mí an Mheithimh 2019, ag an 108ú seisiún (Comóradh Céad Bliain) a bhí aige ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair Coinbhinsiún 190 a bhaineann le díothú an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre[1] (as seo amach: Coinbhinsiún 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS)), a raibh Moladh 206 ag gabháil leis[2]. Is é Coinbhinsiún 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair an chéad ionstraim idirnáisiúnta ina leagtar amach na caighdeáin is infheidhme ar fud an domhain maidir le dul i ngleic le foréigean agus ciapadh oibre. Tá sé ríthábhachtach gach cineál foréigin agus ciaptha in aghaidh na mban agus na bhfear i saol na hoibre a chomhrac, ós rud é gur ábhar imní tromchúiseach maidir le cearta an duine iad na hiompraíochtaí agus na cleachtais sin agus gur bagairt iad ar dhínit, ar shláinte agus ar fholláine daoine aonair. Is céim shuntasach é Coinbhinsiún 190 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair i dtreo na cuspóra sin a bhaint amach.

Bhí ról lárnach ag Ballstáit an Aontais maidir le glacadh Choinbhinsiún 190 EIS, agus d’athdhearbhaigh siad a dtiomantas dálaí oibre sábháilte sláintiúla agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn san áit oibre. Cuireann a gcomhordú ar a gcumas i gcónaí labhairt d’aon ghuth, agus, dá bharr sin, a bheith ina n-idirbheartaí láidir in EIS. Leanfaidh sé sin de bheith ábhartha i gcomhthéacs na caibidlíochta a bheidh ann amach anseo agus beidh sé ríthábhachtach i gcónaí chun creidiúnacht agus tionchar Bhallstáit an Aontais ag an EIS a áirithiú.

An 22 Eanáir 2020, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh ‘Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh’**3** (as seo amach: Cinneadh ón gComhairle), ar an gcaoi chéanna le cúig Choinbhinsiún EIS a bhí ann roimhe seo agus Prótacal amháin. D’ainneoin an chuspóra chomhchoitinn maidir le foréigean agus ciapadh a chomhrac i saol na hoibre, ní raibh an Chomhairle in ann teacht ar chomhaontú i bprionsabal agus

---

1 Coinbhinsiún C190 — Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) (ilo.org). Maidir le daingniú reatha Choinbhinsiún 190 EIS, féach: Daingniúcháin choinbhinsiún EIS:Daingniúcháin de réir an ghnáis.

2 Moladh R206 — Moladh maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 206) (ilo.org)

3 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020PC0024

leanúint ar aghaidh leis an gCinneadh a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.

Baineann ceann de na príomhábhair imní is mó atá fós gan réiteach maidir le glacadh an Chinnidh ón gComhairle leis an bplé ar an oibleagáid Coinbhinsiún 190 EIS a dhaingniú tar éis a ghlactha. I ndáil leis an méid sin, is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil an bunús dlí le haghaidh ghlacadh an Chinnidh seo ón gComhairle, a eascraíonn as Conradh Liospóin, mar an gcéanna leis an mbunús dlí do na sé ionstraim EIS roimhe sin ar ghlac an Chomhairle Cinneadh ina leith[4]. I gcomhthéacs an phlé le haghaidh Choinbhinsiún 190 EIS, soiléiríodh go mbeadh oibleagáid orthu an Coinbhinsiún a dhaingniú i gCinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún 190 EIS a dhaingniú ar mhaithe leis an Aontas, mar a tharla i gcás Cinntí ón gComhairle a glacadh roimhe seo chun daingniú ionstraimí EIS a údarú. Go dtí seo, níor thionscain an Coimisiún aon nós imeachta maidir le sárú i gcoinne aon Bhallstáit i ndáil le neamhdhaingniú d'aon cheann de na hionstraimí sin.

Cuirfidh an díospóireacht sa Chomhairle deis ar fáil chun an comhad sin a phlé ar an leibhéal polaitiúil agus féachaint ar na bealaí chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe agus daingniú Choinbhinsiún EIS Uimh. 190.

---

4 Cinneadh ón gComhairle an 14 Aibreán 2005 lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Doiciméid Chéannachta Maraithe (Coinbhinsiún Uimh. 185) a dhaingniú chun leas an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 136/1 an 30.5.2005; Cinneadh ón gComhairle an 7 Meitheamh 2007 lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, 2006 a dhaingniú chun leas an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 161/63 an 22.6.2007; Cinneadh ón gComhairle an 7 Meitheamh 2010 lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hObair san Iascaireacht, 2007, (Coinbhinsiún uimh 188) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO 145/12 an 11.6.2010; Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Sábháilteacht in Úsáid Ceimiceán ag an Obair, 1990, (Coinbhinsiún uimh 170), (2014/52/EU), a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh; Cinneadh ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hobair chuibhiúil d'oibrithe tí, 2011 (Coinbhinsiún Uimh 189) (2014/51/AE), a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh; Cinneadh (AE) 2015/2071 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do thíortha an Aontais Eorpaigh Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach (1930), a mhéid a bhaineann le hAirteagal 1 go 4 den Phrótacal maidir le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L.301 an 18.11.2015; Cinneadh (AE) 2015/2037 ón gComhairle an 10 Samhain 2015 lena n-údaraítear do thíortha an Aontais Eorpaigh Prótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach (1930), maidir le hábhair a bhaineann le beartas sóisialta, a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, IO L.298 an 14.11.2015.

I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar na hairí díriú ar na ceisteanna seo a leanas ina dtuairimí:

1. *Cén bealach a bheartódh na Ballstáit is iomchuí do na Ballstáit an coinbhinsiún a dhaingniú?*

2. *Cad iad na hathdheimhnithe a bheartaíonn na Ballstáit a bheith riachtanach chun tacú le glacadh an Chinnidh ón gComhairle?*